Uimhir 10 *de* 2011

AN tACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.
2. Mínithe.
3. Comhlacht seirbhíse poiblí.
4. Rialacháin.
5. Dífheidhm alt 7 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

CUID 2

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

6. An lá ceaptha.
7. An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
8. Feidhmeanna caiteachais áirithe a aistriú chuig an Aire.
9. Feidhmeanna áirithe eile a aistriú chuig an Aire.
10. Feidhmeanna i ndáil leis an tseirbhís phoiblí a nuachóiriú agus a fhorbairt tuilleadh.
11. Riaradh agus gnó na Roinne Airgeadais a aistriú.
12. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.
13. Nithe áirithe a tosaíodh roimh an lá ceaptha a chur i gcrích.
14. Oibriú ionstraimí áirithe arna ndéanamh roimh an lá ceaptha.
15. Forléiriú tagairtí.
16. Maoin, etc. a aistriú chuig an Aire.

CUID 3

Feidhmeanna Áirithe a Chomhlíonadh

17. Meastacháin ar chaiteachais i leith seirbhísí soláthair.

18. Feidhmeanna i leith an Phríomh-Chiste.

19. Feidhmeanna is inchomhlíonta ag an Aire Airgeadais nó ag an Aire.

20. Feidhmeanna áirithe a aistrítear chuig an Aire le *halt 9* a chomhlíonadh.

21. An tAire Airgeadais do chomhlíonadh feidhmeanna áirithe.

22. Comhlíonadh airbheartaithe feidhmeanna áirithe ag an Aire.

23. Comhlíonadh airbheartaithe feidhmeanna áirithe ag an Aire Airgeadais.

24. Díospóid i ndáil le feidhmeanna a chomhlíonadh.

CUID 4

Leasú ar Achtacháin Áirithe

25. Leasú ar alt 26 den Acht Deocha Meisciúla (Generálta), 1924.

26. Leasú ar Acht Leictreachais na Sionainne, 1925.

27. Leasú ar alt 12 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927.

28. Leasú ar alt 7 d'Acht na dTailte Stáit (Tithe Oibre), 1930.

29. Leasú ar alt 4 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1930.

30. Leasú ar alt 3 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1931.

31. Leasú ar alt 12 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) (Uimh. 2), 1934.

32. Leasú ar alt 13 d'Acht Iascaigh na Sionainne, 1935.

33. Leasú ar Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935.

34. Leasú ar alt 15 d'Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937.

35. Leasú ar alt 3 d'Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1937.

36. Leasú ar alt 15 den Acht Alcóil Cheárdais, 1938.

37. Leasú ar alt 5 d'Acht na nOispidéal, 1939.

38. Leasú ar Acht Siltin Cheanntar na Forghasa, 1943.

39. Leasú ar an Acht Iompair, 1944.

40. Leasú ar alt 21 d'Acht 1945.

41. Leasú ar alt 3 den Acht Airgeadais (Forála Ilghnéitheacha), 1945.

42. Leasú ar an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1945.

43. Leasú ar alt 53 den Acht Forbartha Móna, 1946.

44. Leasú ar alt 4 d'Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947.

45. Leasú ar an Acht Iascaigh Mhara, 1952.

46. Leasú ar an Acht Árachais, 1953.

47. Leasú ar an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1954.

48. Leasú ar alt 2 den Acht Forbartha Móna, 1957.

49. Leasú ar alt 11 den Acht Iompair, 1958.

50. Leasú ar alt 10 den Acht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959.

51. Leasú ar an Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960.

52. Leasú ar alt 4 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1962.

53. Leasú ar alt 2 den Acht Iascaigh Mhara (Leasú), 1963.

54. Leasú ar an Acht um an nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta, 1963.

55. Leasú ar alt 4 den Acht Iompair, 1964.

56. Leasú ar alt 1 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1971.

57. Leasú ar Acht 1976.

58. Leasú ar alt 7 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1976.

59. Leasú ar alt 14 den Acht um Fhiadhúlra, 1976.

60. Leasú ar an Acht um Stiúideonna Scannán Náisiúnta na hÉireann Teoranta, 1980.

61. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980.

62. Leasú ar an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981.

63. Leasú ar alt 8 den Acht um Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh Teoranta, 1982.

64. Leasú ar Acht 1983.

65. Leasú ar an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

66. Leasú ar an Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986.

67. Leasú ar Acht 1988.

68. Leasú ar alt 69 den Acht Airgeadais, 1988.

69. Leasú ar alt 6 d'Acht na nOspidéal Poiblí (Leasú), 1990.

70. Leasú ar alt 14 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992.

71. Leasú ar alt 13 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992.

72. Leasú ar an Acht Toghcháin, 1992.

73. Leasú ar alt 41 d'Acht 1993.

74. Leasú ar Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993.

75. Leasú ar an Acht Reifrinn, 1994.

76. Leasú ar Acht 1996.

77. Leasú ar Acht 1997.

78. Leasú ar alt 33 den Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997.

79. Leasú ar an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997.

80. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

81. Leasú ar an Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997.

82. Leasú ar alt 6A den Acht Loingis Cheannaíochta (Coimisinéirí Soilse na hÉireann), 1997.

83. Leasú ar alt 44 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

84. Leasú ar alt 38 d'Acht na nOllscoileanna, 1997.

85. Leasú ar Acht 1998.

86. Leasú ar alt 29 den Acht Iascaigh (Leasú), 1999.

87. Leasú ar alt 37 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001.

88. Leasú ar alt 12 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001.

89. Leasú ar alt 106 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

90. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

91. Leasú ar an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003.

92. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

93. Leasú ar alt 36 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004.

94. Leasú ar alt 25 den Acht Toghcháin (Leasú), 2004.

95. Leasú ar alt 12 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

96. Leasú ar alt 9 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

97. Leasú ar alt 13 den Acht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006.

98. Leasú ar an Acht Carthanas, 2009.

99. Leasú ar alt 22 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009.

CUID 5

Ilghnéitheach

100. Foireann de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar iasacht.

101. Neamhspleáchas na gCoimisinéirí Ioncaim.

SCEIDEAL 1

SCEIDEAL 2

Feidhmeanna a Aistrítear chuig an Aire

CUID 1

Feidhmeanna is inchomhlíonta le toiliú an Aire Airgeadais

CUID 2

Feidhmeanna is inchomhlíonta tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais

SCEIDEAL 3

Feidhmeanna de chuid an Aire Airgeadais is Inchomhlíonta ar an Aire é a Iarraidh

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998	1998, Uimh. 24
An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003	2003, Uimh. 1
Na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil	
An tAcht Carthanas, 2009	2009, Uimh. 6
An tAcht Príomh-Chiste (Forálacha Buana), 1965	1965, Uimh. 26
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004	2004, Uimh. 31
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí	
Na hAchtanna Custam	
An tAcht Cosanta, 1954	1954, Uimh. 18
Acht Siltin Cheanntar na Forghasa, 1943	1943, Uimh. 13
An tAcht um Fhianaise Scríbhinne, 1925	1925, Uimh. 24
An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997	1997, Uimh. 7
An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992	1992, Uimh. 15
An tAcht Toghcháin, 1992	1992, Uimh. 23
An tAcht Toghcháin, 1997	1997, Uimh. 25
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001	2001, Uimh. 38
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2004	2004, Uimh. 15
An tAcht Leictreachais (Soláthar), 1927	1927, Uimh. 27
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1930	1930, Uimh. 19
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1931	1931, Uimh. 32
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) (Uimh. 2), 1934	1934, Uimh. 38
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1945	1945, Uimh. 12
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1954	1954, Uimh. 17
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1958	1958, Uimh. 35
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1962	1962, Uimh. 24
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1971	1971, Uimh. 18
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001	2001, Uimh. 9
An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006	2006, Uimh. 40
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht Airgeadais, 1988	1988, Uimh. 12
An tAcht Airgeadais, 1992	1992, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 1945	1945, Uimh. 35
An tAcht Iascaigh (Leasú), 1999	1999, Uimh. 35
An tAcht Foraoiseachta, 1988	1988, Uimh. 26
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht Gáis, 1976	1976, Uimh. 30
An tAcht Cuanta, 1946	1946, Uimh. 9
An tAcht Cuanta, 1996	1996, Uimh. 11
An tAcht Cuanta (Leasú), 2000	2000, Uimh. 21
An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006	2006, Uimh. 17
An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997	1997, Uimh. 34
An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006	2006, Uimh. 22
An tAcht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001	2001, Uimh. 20
Acht na nOispidéal, 1939	1939, Uimh. 4

An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003	2003, Uimh. 28
An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2009	2009, Uimh. 44
An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981	1981, Uimh. 37
An tAcht Alcóil Cheárdais, 1938	1938, Uimh. 23
An tAcht Alcóil Cheardais (Leasú), 1980	1980, Uimh. 42
An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006	2006, Uimh. 25
An tAcht Árachais, 1953	1953, Uimh. 7
An tAcht Árachais, 1969	1969, Uimh. 5
An tAcht Árachais, 1983	1983, Uimh. 5
An tAcht Léiriúcháin, 2005	2005, Uimh. 23
An tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993	1993, Uimh. 29
An tAcht Deocha Meisciúla (Generálta), 1924	1924, Uimh. 62
An tAcht um Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh Teoranta, 1982	1982, Uimh. 26
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2007, Uimh. 37
Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935	1935, Uimh. 16
Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1937	1937, Uimh. 17
Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1940	1940, Uimh. 28
An tAcht Loingis Cheannaíochta (Coimisinéirí Soilse na hÉireann), 1997	1997, Uimh. 37
An tAcht Loingis Cheannaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1998	1998, Uimh. 20
Acht Chuideachta na Mianraí, 1945	1945, Uimh. 7
An tAcht um Chuideachtain Lorgtha agus Forbartha Mianraí, 1941	1941, Uimh. 13
An tAcht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938	1938, Uimh. 38
An tAcht Airí agus Rúnaithe, 1924	1924, Uimh. 16
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1939	1939, Uimh. 36
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1977	1997, Uimh. 27
Na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2007	
An tAcht um an nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta, 1963	1963, Uimh. 32
An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997	1997, Uimh. 11
An tAcht um Stiúideonna Scannán Náisiúnta na hÉireann Teoranta, 1980	1980, Uimh. 37
An tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986	1986, Uimh. 28
An tAcht Groighe Náisiúnta, 1945	1945, Uimh. 31
An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990	1990, Uimh. 18
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003	2003, Uimh. 32
An tAcht Ombudsman, 1980	1980, Uimh. 26
An tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002	2002, Uimh. 22
An tAcht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960	1960, Uimh. 7
An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983	1983, Uimh. 24
Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993	1993, Uimh. 28
Achtanna Teaghlachas an Uachtaráin, 1938 go 1991	
Acht na nOspidéal Poiblí (Leasú), 1990	1990, Uimh. 30
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004	2004, Uimh. 33
Acht an Reifrinn, 1994	1994, Uimh. 12
Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992	1992, Uimh. 16

An tAcht Iascaigh Mhara, 1952	1952, Uimh. 7
An tAcht Iascaigh Mhara (Leasú), 1963	1963, Uimh. 21
An tAcht Iascaigh Mhara (Leasú), 1982	1982, Uimh. 12
Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947	1947, Uimh. 42
Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937	1937, Uimh. 30
Acht Leictreachais na Sionainne, 1925	1925, Uimh. 26
Acht Iascaigh na Sionainne, 1935	1935, Uimh. 4
An tAcht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959	1959, Uimh. 36
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009	2009, Uimh. 10
An tAcht Comhdhlúite Leasa Sóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999	1999, Uimh. 31
An tAcht um Aerfoirt Stáit, 2004	2004, Uimh. 32
An tAcht Maoine Stáit, 1954	1954, Uimh. 25
Acht na dTailte Stáit (Tithe Oibre), 1930	1930, Uimh. 9
Na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963	
An tAcht Aoisliúntas agus Pinsean, 1976	1976, Uimh. 22
Na hAchtanna Cánach	
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht Teileachumarsáide (Forálacha Ilghnéitheacha), 1996	1996, Uimh. 34
An tAcht Iompair, 1944	1944, Uimh. 21
An tAcht Iompair, 1958	1958, Uimh. 19
An tAcht Iompair, 1964	1964, Uimh. 30
An tAcht Iompair, 1981	1981, Uimh. 23
An tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986	1986, Uimh. 31
An tAcht Forbartha Móna, 1946	1946, Uimh. 10
An tAcht Forbartha Móna, 1957	1957, Uimh. 10
An tAcht Forbartha Móna, 1981	1981, Uimh. 20
An tAcht Forbartha Móna, 1998	1998, Uimh. 26
Acht na nOllscoileanna, 1997	1997, Uimh. 24
An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010	2010, Uimh. 31
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930	1930, Uimh. 29
An tAcht um Fhiadhúlra, 1976	1976, Uimh. 39

Uimhir 10 *de* 2011

AN tACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN ROINN STÁIT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR, SA GHAEILGE, AN ROINN CAITEACHAIS PHOIBLÍ AGUS ATHCHÓIRITHE NÓ, SA BHÉARLA, *THE DEPARTMENT OF PUBLIC EXPENDITURE AND REFORM*; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE FEIDHMEANNA ÁIRITHE DE CHUID AN AIRE AIRGEADAIS A AISTRIÚ CHUIG AN AIRE DEN RIALTAS ATÁ I gCEANNAS AR AN ROINN SIN; DO THABHAIRT FEIDHMEANNA DON AIRE SIN DEN RIALTAS I nDÁIL LEIS AN tSEIRBHÍS PHOIBLÍ A NUACHÓIRIÚ AGUS A FHORBAIRT; DO MHEAS, MAIDIR LE COMHALTAÍ D'FHOIREANN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA ARNA SANNADH CHUN FEIDHMEANNA A CHOMHLÍONADH SA ROINN AIRGEADAIS, GUR OIFIGIGH DON AIRE AIRGEADAIS IAD CHUN CRÍOCH ÁIRITHE; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN GO mBEIDH NA COIMISINÉIRÍ IONCAIM NEAMHSPLEÁCH I gCOMHLÍONADH FEIDHMEANNA ÁIRITHE DÁ gCUID; CHUN NA gCRÍOCH SIN AGUS CHUN CRÍOCH EILE DO LEASÚ ACHTACHÁIN ÁIRITHE; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN.

[4 *Iúil* 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.

1.—(1) Féadfar an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh *ailt 8, 9, 10* agus *16(3)*, agus *Codanna 3* agus *4* i ngníomh an lá ceaptha.

(3) Féadfar na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2011 a ghairm de na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2007 agus den

Acht seo, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

Mínithe.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1924" an tAcht Airí agus Rúnaithe, 1924;

ciallaíonn "Acht 1939" an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1939;

ciallaíonn "Acht 1945" an tAcht Groighe Náisiúnta, 1945;

ciallaíonn "Acht 1963" Acht na gCuideachtaí, 1963;

ciallaíonn "Acht 1976" an tAcht Gáis, 1976;

ciallaíonn "Acht 1983" an tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983;

ciallaíonn "Acht 1988" an tAcht Foraoiseachta, 1988;

ciallaíonn "Acht 1993" an tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993;

ciallaíonn "Acht 1996" an tAcht Cuanta, 1996;

ciallaíonn "Acht 1997" an tAcht Toghcháin, 1997;

ciallaíonn "Acht 1998" an tAcht Forbartha Móna, 1998;

ciallaíonn "Acht 2001" an tAcht Toghcháin (Leasú), 2001;

déanfar "lá ceaptha" a fhorléiriú de réir *alt 6*;

tá le "an tAire" an bhrí a shanntar dó le *fo-alt (2) d'alt 7*;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin;

ciallaíonn "reacht"—

(*a*) Acht den Oireachtas, nó

(*b*) reacht a bhí i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh an dáta a tháinig an Bunreacht i ngníomh agus a leanann de lánfheidhm a bheith aige agus de lánéifeacht a bheith leis de bhua Airteagal 50 den Bhunreacht;

tá le "ionstraim reachtúil" an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005.

Comhlacht seirbhíse poiblí.

3.—(1) Chun críocha an Achta seo, is comhlacht seirbhíse poiblí gach ceann díobh seo a leanas, agus forléireofar "seirbhís phoiblí" dá réir sin:

(*a*) Státseirbhís an Stáit;

(*b*) Státseirbhís an Rialtais;

(*c*) an Garda Síochána;

(*d*) na Buan-Óglaigh de réir bhrí an Achta Cosanta, 1954;

(*e*) údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;

(*f*) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;

(*g*) coiste gairmoideachais arna bhunú le halt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930;

(*h*) comhlacht iomchuí, ar daoine iad a chomhaltaí foirne a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith maidir leo;

(*i*) comhlacht iomchuí—

(i) ar daoine iad a chomhaltaí foirne a raibh de chumhacht ag an Aire Airgeadais, díreach roimh an Acht seo a rith, forálacha scéime pinsean seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm ina leith, agus

(ii) a bheidh arna fhorordú, de thuras na huaire, ag an Aire Airgeadais.

(2) San alt seo—

ciallaíonn "scéim pinsean seirbhíse poiblí" scéim pinsean ceirde nó socrú pinsean (cibé tuairisc atá air)—

(*a*) dá bhforáiltear faoi na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963, nó faoi aon reacht eile, agus

(*b*) a bheidh déanta nó ceadaithe ag Aire den Rialtas;

ciallaíonn "comhlacht iomchuí"—

(*a*) comhlacht (seachas cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí) arna bhunú le reacht nó faoi reacht,

(*b*) cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí a bhfuil na scaireanna go léir inti—

(i) á sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas, nó

(ii) á sealbhú ag stiúrthóirí arna gceapadh ag Aire den Rialtas,

(*c*) fochuideachta de réir bhrí alt 155 d'Acht 1963—

(i) de chuid comhlachta lena mbaineann *mír (a)*, nó

(ii) de chuid cuideachta lena mbaineann *mír (b)*,

(*d*) comhlacht atá á mhaoiniú, go hiomlán nó go páirteach, as airgead—

(i) arna sholáthar ag an Oireachtas, nó

(ii) as an bPríomh-Chiste nó toradh fáis an Chiste sin,

nó

(*e*) cuideachta nó comhlacht atá faoi rialú, de réir bhrí alt 11 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(i) ag cuideachta lena mbaineann *mír (b)*,

(ii) ag fochuideachta lena mbaineann *mír (c)*,

(iii) ag comhlacht lena mbaineann *mír (a)* nó *(d)*, nó

(iv) ag comhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann *mír (e)*, *(f)* nó *(g) d'fho-alt (1)*,

agus atá forordaithe de thuras na huaire ag an Aire.

Rialacháin.

4.—(1) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh le haghaidh aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.

(2) Gan dochar d'aon fhoráil den Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Dífheidhm alt 7 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

5.—Ní bheidh feidhm ag alt 7 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 maidir leis an Acht seo.

CUID 2

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

An lá ceaptha.

6.—Féadfaidh an Rialtas, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá ceaptha chun críocha an Achta seo.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

7.—(1) Beidh arna bunú, ar an lá ceaptha, Roinn Stáit ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó, sa Bhéarla, *The Department of Public Expenditure and Reform*.

(2) Maidir leis an gcomhalta den Rialtas a bheidh i gceannas ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(*a*) tabharfar, sa Ghaeilge, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó, sa Bhéarla, *The Minister for Public Expenditure and Reform*, air nó uirthi, agus

(*b*) gairtear "an tAire" de nó di san Acht seo.

(3) Beidh feidhm ag na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2007, agus ag an Acht um Fhianaise Scríbhinne, 1925, maidir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an gcomhalta den Rialtas a bheidh i gceannas ar an Roinn sin ionann is dá mbeadh an Roinn sin arna bunú le halt 1 d'Acht 1924.

(4) Chun críocha alt 6(1) d'Acht 1939, measfar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bheith arna mbunú láithreach ar an Acht seo a rith, ach aon ordú faoin alt sin 6(1) a bhaineann leis an Roinn sin nó leis an Aire sin den Rialtas agus a bheidh déanta roimh an lá ceaptha, ní déarfar go dtagann sé i ngníomh ar lá is luaithe ná an lá ceaptha.

Feidhmeanna caiteachais áirithe a aistriú chuig an Aire.

8.—(1) Déantar feidhmeanna an Aire Airgeadais—

(*a*) dá dtagraítear in alt 1(ii) d'Acht 1924 agus a bhaineann le caitheamh ioncam an Stáit, a mhéid amháin gurb éard atá iontu an meastachán ar chaiteachas le haghaidh gach bliana airgeadais i leith gach seirbhíse soláthair a ullmhú, nó a mhéid amháin a bhfuil baint acu leis an gcéanna, agus

(*b*) faoi fho-ailt (2) agus (4) d'alt 2 d'Acht 1924,

a aistriú chuig an Aire.

(2) Déantar feidhmeanna an Aire Airgeadais dá dtagraítear in alt 1(ii) d'Acht 1924 arb éard atá iontu maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar gach ceannach a dhéantar d'aon Roinn Stáit nó thar a ceann agus ar gach soláthar tráchtearraí agus earraí atá ar seilbh aici agus ar dhiúscairt an chéanna, a aistriú chuig an Aire.

(3) Déantar feidhmeanna an Aire Airgeadais (seachas feidhmeanna a thugtar le reacht nó faoi reacht) arb éard atá iontu athbhreithnithe a dhéanamh ar chaitheamh airgid phoiblí, a aistriú chuig an Aire.

Feidhmeanna áirithe eile a aistriú chuig an Aire.

9.—(1) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, aistrítear na feidhmeanna seo a leanas de chuid an Aire Airgeadais chuig an Aire, ach amháin a mhéid gurb éard atá iontu an chumhacht chun airgead a íoc as an bPríomh-Chiste:

(i) an uile fheidhm (lena n-áirítear feidhmeanna a thugtar le reacht nó faoi reacht) a bhaineann le haoisliúntas, luach saothair (lena n-áirítear liúntais agus caiteachais), ceapadh agus téarmaí agus coinníollacha seirbhíse comhaltaí foirne comhlachtaí seirbhíse poiblí;

(ii) an uile fheidhm (lena n-áirítear feidhmeanna a thugtar le reacht nó faoi reacht) a bhaineann le luach saothair (lena n-áirítear táillí, liúntais agus caiteachais), ceapadh agus téarmaí agus coinníollacha seirbhíse comhaltaí, nó comhaltaí boird, comhlachtaí seirbhíse poiblí;

(iii) na feidhmeanna arb éard iad caiteachais a thabhaítear ag riaradh aon reachta a cheadú nó a fhormheas;

(iv) an uile fheidhm (lena n-áirítear feidhmeanna a thugtar le reacht nó faoi reacht) a bhaineann le haoisliúntas, luach saothair (lena n-áirítear liúntais agus caiteachais) agus téarmaí agus coinníollacha seirbhíse na ndaoine seo a leanas—

(I) comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,

(II) comhalta d'údarás áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001),

(III) duine—

(A) arna thoghadh nó arna toghadh faoin Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(B) a mheastar faoin Acht sin a bheith tofa chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Pharlaimint sin,

(IV) breitheamh de chúirt arna bunú faoi dhlí an Stáit,

(V) duine is sealbhóir oifige cáilithí de réir bhrí Chuid IV den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938,

(VI) Uachtarán na hÉireann.

(*b*) Ní dhéanfar feidhmeanna de chuid an Aire Airgeadais arb éard atá iontu aoisliúntas nó luach saothair a íoc le comhaltaí, le comhaltaí bord, nó le comhaltaí foirne, comhlachta lena mbaineann *alt 21* a aistriú chuig an Aire leis an bhfo-alt seo.

(2) Déantar na feidhmeanna a thugtar don Aire Airgeadais le haon cheann, nó faoi aon cheann, de na forálacha a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 2* a aistriú chuig an Aire.

(3) Déantar na feidhmeanna a thugtar don Aire Airgeadais le haon cheann, nó faoi aon cheann, de na forálacha a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 2* a aistriú chuig an Aire.

(4) Déantar feidhmeanna an Aire Airgeadais i ndáil le gach ceann de na comhlachtaí seo a leanas a aistriú chuig an Aire:

(*a*) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn;

(*b*) an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí;

(*c*) an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;

(*d*) an Coimisinéir Luachála;

(*e*) an tSaotharlann Stáit.

Feidhmeanna i ndáil leis an tseirbhís phoiblí a nuachóiriú agus a fhorbairt tuilleadh.

10.—(1) Is feidhm de chuid an Aire é—

(*a*) na beartais is gá chun an tseirbhís phoiblí a nuachóiriú agus a fhorbairt tuilleadh agus chun a chumasú do chomhlachtaí seirbhíse poiblí seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil éifeachtach, a fhoirmliú agus a fhorbairt, i gcomhairle le hAirí eile den Rialtas agus comhlachtaí seirbhíse poiblí,

(*b*) tograí a chur faoi bhráid an Rialtais chun beartais den sórt sin a chur i ngníomh,

(*c*) comhordú a dhéanamh ar chur i ngníomh cibé beartais a chinnfidh an Rialtas agus a bheidh deartha chun tuilleadh nuachóirithe agus forbartha ar an tseirbhís phoiblí a chur i gcrích,

(*d*) athbhreithnithe rialta tréimhsiúla a sheoladh ar chur i ngníomh na mbeartas sin agus tuarascáil a thabhairt don Rialtas ar an gcéanna,

(*e*) luach ar airgead a chur chun cinn le linn seirbhísí poiblí a sholáthar,

(*f*) beartais a fhoirmliú agus a fhorbairt i ndáil le Ranna Stáit nó comhlachtaí seirbhíse poiblí eile d'fháil earraí agus seirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí arb éard iad oibreacha a dhéanamh), agus

(*g*) creataí nóis imeachta a fhorbairt maidir le Ranna Stáit nó comhlachtaí seirbhíse poiblí eile d'fháil earraí agus seirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí arb éard iad oibreacha a dhéanamh).

(2) San alt seo, ní fholaíonn "comhlacht seirbhíse poiblí" comhlacht a shonraítear i *Sceideal 1* nó fochuideachta (de réir bhrí alt 155 d'Acht 1963) de chuid comhlachta den sórt sin.

Riaradh agus gnó na Roinne Airgeadais a aistriú.

11.—(1) Déantar an riaradh agus an gnó i dtaca le comhlíonadh na bhfeidhmeanna a aistrítear le *hailt 8* agus *9* a aistriú, leis seo, chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(2) Déanfar tagairtí don Roinn Airgeadais in aon reacht nó in aon ionstraim faoi reacht, a mhéid a bhaineann siad leis an riaradh agus leis an ngnó a aistrítear le *fo-alt (1)* a fhorléiriú, ón lá ceaptha, mar thagairtí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.

12.—Más rud é, díreach roimh an lá ceaptha, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh ar páirtí iontu an tAire Airgeadais agus go mbeidh tagairt sna himeachtaí d'fheidhmeanna a aistrítear leis an Acht seo, déanfar, a mhéid atá tagairt den sórt sin iontu, ainm an Aire a chur in ionad ainm an Aire Airgeadais sna himeachtaí sin agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

Nithe áirithe a tosaíodh roimh an lá ceaptha a chur i gcrích.

13.—Maidir le haon ní a bhí tosaithe ach nach bhfuil curtha i gcrích, roimh an lá ceaptha, ag an Aire Airgeadais nó faoi údarás an Aire Airgeadais, féadfaidh an tAire, a mhéid a bhaineann sé le feidhm a aistrítear leis an Acht seo, é a sheoladh agus a chur i gcrích.

Oibriú ionstraimí áirithe arna ndéanamh roimh an lá ceaptha.

14.—Gach ionstraim (lena n-áirítear aon deimhniú nó ceadúnas) a dheonófar nó a dhéanfar i gcomhlíonadh feidhme a aistrítear leis an Acht seo, leanfaidh sí d'éifeacht a bheith léi ón lá ceaptha, más rud é go raibh, agus a mhéid a bhí, an ionstraim sin i bhfeidhm roimh an lá ceaptha, amhail is dá mba é an tAire a dheonaigh nó a rinne í.

Forléiriú tagairtí.

15.—(1) Déanfar tagairtí don Aire Airgeadais in aon reacht nó in aon ionstraim faoi reacht, a mhéid a bhaineann siad le haon fheidhm a aistrítear leis an Acht seo, a fhorléiriú, ón lá ceaptha, mar thagairtí don Aire.

(2) Déanfar tagairtí don Aire Airgeadais i meabhrán comhlachais nó in airteagail chomhlachais aon chuideachta, a mhéid a bhaineann siad le haon fheidhm a aistrítear leis an Acht seo, a fhorléiriú, ón lá ceaptha, mar thagairtí don Aire.

Maoin, etc. a aistriú chuig an Aire.

16.—(1) Déanfar, agus déantar leis seo, an mhaoin, na cearta agus na dliteanais go léir a shealbhaigh, a theacht nó a thabhaigh an tAire Airgeadais, roimh an lá ceaptha, i dtaca le haon fheidhm a aistrítear leis an Acht seo, a aistriú chuig an Aire agus, dá réir sin, gan aon tíolacas, aistriú ná sannadh eile—

(*a*) beidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, dílsithe don Aire, ón lá ceaptha,

(*b*) beidh na cearta sin, ón lá ceaptha, ar teachtadh ag an Aire, agus

(*c*) beidh na dliteanais sin, ón lá ceaptha, ina ndliteanais de chuid an Aire.

(2) An t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an Aire leis an alt seo agus atá in ainm an Aire Airgeadais ar an lá ceaptha, déanfar, ar an Aire é a iarraidh, iad a aistriú isteach ina ainm nó ina hainm.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire, gan toiliú an Aire Airgeadais, cinneadh i ndáil le haon ní díobh seo a leanas—

(*a*) talamh Stáit (de réir bhrí an Achta Maoine Stáit, 1954) a dhiúscairt nó aon mhaoin eile a bhí, díreach roimh an diúscairt sin, ar úinéireacht ag Aire den Rialtas nó ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, i gcás inar mó luach na talún nó na maoine ná €50 milliún,

(*b*) na fáltais ó aon diúscairt den sórt sin a chur chun feidhme nó a chaitheamh, i gcás inar mó na fáltais sin ná €50 milliún, nó

(*c*) na fáltais ó dhiúscairt aon mhaoine eile (cibé acu réadach nó pearsanta) a chur chun feidhme nó a chaitheamh, i gcás inar mó na fáltais sin ná €50 milliún.

(4) (*a*) Aon scaireanna nó stoc a eisíonn comhlacht poiblí chuig an Aire Airgeadais agus atá cláraithe ina ainm nó ina hainm nó ar teachtadh ag aon duine ar iontaobhas thar a cheann nó thar a ceann, de réir achtacháin iomchuí, beidh siad nó beidh sé, ar an lá ceaptha, arna n-aistriú nó arna aistriú chuig an Aire nó ar teachtadh ar iontaobhas thar ceann an Aire, de réir mar is cuí, agus ón lá sin déanfar tagairtí in achtachán iomchuí don Aire Airgeadais a fhorléiriú mar thagairtí don Aire.

(*b*) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo d'ainneoin aon sriain atá in aon achtachán i ndáil le haistriú nó coimhthiú scaireanna nó stoic a bhfuil feidhm ag achtachán iomchuí ina leith.

(*c*) San fho-alt seo—

ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Aerfoirt Stáit, 2004;

ciallaíonn "achtachán iomchuí"—

(i) alt 5 (arna leasú le hailt 6 agus 14 d'Acht Chuideachta na Mianraí, 1945) nó 15 den Acht um Chuideachtain Lorgtha agus Forbartha Mianraí, 1941,

(ii) alt 16 d'Acht 1945,

(iii) alt 7B (a cuireadh isteach le halt 16 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006) d'Acht 1976,

(iv) alt 19 d'Acht 1983,

(v) alt 17 nó 22 d'Acht 1988,

(vi) alt 19 nó 24 d'Acht 1993,

(vii) alt 19 d'Acht 1996,

(viii) alt 14 nó 15 d'Acht 1998,

(ix) alt 10 nó 11 (arna leasú le halt 6(4) d'Acht 2004 agus leis an Sceideal a ghabhann le hAcht 2004) den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998,

(x) alt 2 (arna leasú le halt 21 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006) den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001,

(xi) alt 10 d'Acht 2004, nó

(xii) Rialachán 40 nó 45 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000 (I.R. Uimh. 445 de 2000).

CUID 3

Feidhmeanna Áirithe a Chomhlíonadh

Meastacháin ar chaiteachais i leith seirbhísí soláthair.

17.—(1) Gach bliain airgeadais, ar thogra ón Aire Airgeadais, déanfaidh an Rialtas cinneadh lena gceadófar méid (dá ngairtear an "méid caiteachais cheadaithe bhliantúil" san alt seo) i leith na seirbhísí soláthair go léir don bhliain airgeadais díreach tar éis na bliana céadluaite.

(2) I gcás ina mbeidh an Rialtas tar éis cinneadh a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* nó faoin bhfo-alt seo, féadfaidh siad, ar thogra ón Aire Airgeadais, cinneadh eile a dhéanamh lena gceadófar méid (dá ngairtear an "méid caiteachais cheadaithe bhliantúil athmheasta" san alt seo) is mó nó is lú ná an méid caiteachais cheadaithe bhliantúil, i leith na seirbhísí soláthair go léir don bhliain airgeadais lena mbaineann.

(3) Rachaidh an tAire Airgeadais i gcomhairle leis an Aire i ndáil le togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus le togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*.

(4) Déanfaidh an tAire Airgeadais, thar ceann an Rialtais, cinneadh faoin alt seo a chur in iúl do Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh.

(5) Maidir le comhiomlán na measatachán caiteachais arb éard iad deontais soláthair agus leithreasaí-i-gcabhair i leith seirbhísí soláthair do bhliain airgeadais arna n-ullmhú ag an Aire le linn dó nó di feidhmeanna a aistrítear chuige nó chuici le *halt 8(1)* a chomhlíonadh, ní mó é ná an méid caiteachais cheadaithe bhliantúil nó an méid caiteachais cheadaithe bhliantúil athmheasta, de réir mar a bheidh, don bhliain airgeadais sin.

(6) Féadfaidh an tAire Airgeadais moltaí a chur faoi bhráid an Aire i leith an chion den mhéid caiteachais cheadaithe bhliantúil nó den mhéid caiteachais cheadaithe bhliantúil athmheasta, de réir mar a bheidh, a mheasann sé nó sí is cóir, ag féachaint do dhálaí fioscacha agus geilleagair, a chur chun feidhme—

(*a*) chun riachtanais caiteachais reatha a chomhlíonadh, agus

(*b*) chun riachtanais caiteachais chaipitiúil a chomhlíonadh.

Feidhmeanna i leith an Phríomh-Chiste.

18.—(1) Ní dhéanfar aon fhoráil d'fhorálacha an Achta seo a fhorléiriú mar ní lena ndéanfar aon fheidhm, arb éard í airgead a íoc as an bPríomh-Chiste, nó íoc airgid as an bPríomh-Chiste a údarú, a aistriú ón Aire Airgeadais chuig an Aire.

(2) Leasaítear an tAcht Príomh-Chiste (Forálacha Buana), 1965—

(*a*) in alt 2—

(i) trí "go n-iarrfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i rith na bliana ar Dháil Éireann" a chur in ionad "go n-iarrfaidh sé i rith na bliana ar Dháil Éireann", agus

(ii) trí "faoi réir an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á mheas gur gá sin" a chur in ionad "faoi réir é á mheas gur gá sin",

agus

(*b*) tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

"4A.—Ní dhéanfaidh an tAire Airgeadais feidhm faoi alt 2 nó 4 a chomhlíonadh, ach amháin ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh.".

(3) Ní dhéanfaidh an tAire Airgeadais, gan ceadú an Aire, feidhm a chomhlíonadh arb éard í airgead a íoc as an bPríomh-Chiste—

(*a*) faoi fhoráil a shonraítear i *Sceideal 3*, nó

(*b*) ar feidhm í is inchomhlíonta de réir forála den sórt sin nó chun críocha forála den sórt sin.

(4) Ní dhéanfaidh an tAire Airgeadais, gan ceadú an Aire, feidhm arb éard í airgead a íoc as an bPríomh-Chiste chun críocha aoisliúntais nó luach saothair (lena n-áirítear sochair agus liúntais) aon duine lena mbaineann Achtanna Teaghlachas an Uachtaráin, 1938 go 1991, nó i dtaca leis an gcéanna.

Feidhmeanna is inchomhlíonta ag an Aire Airgeadais nó ag an Aire.

19.—(1) Maidir leis na feidhmeanna a thugtar leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1977, nó faoi, agus a aistríodh chuig an Aire Airgeadais leis an Ordú Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 1980 (I.R. Uimh. 1 de 1980), i dteannta iad a bheith inchomhlíonta ag an Aire Airgeadais, beidh siad inchomhlíonta ag an Aire.

(2) Rachaidh an tAire Airgeadais agus an tAire i gcomhairle lena chéile, ó am go ham, i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna acu dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

Feidhmeanna áirithe a aistrítear chuig an Aire le *halt 9* a chomhlíonadh.

20.—(1) Ní chomhlíonfaidh an tAire feidhm a aistrítear le *fo-alt (2) d'alt 9* gan toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Ní chomhlíonfaidh an tAire feidhm a aistrítear le *fo-alt (3) d'alt 9* gan dul i gcomhairle ar dtús leis an Aire Airgeadais i ndáil leis an gcéanna.

An tAire Airgeadais do chomhlíonadh feidhmeanna áirithe.

21.—(1) Ní chomhlíonfaidh an tAire Airgeadais feidhm arb éard í aoisliúntas nó luach saothair a íoc le comhaltaí nó le comhaltaí boird, de réir mar a bheidh, comhlachta lena mbaineann an t-alt seo nó le comhaltaí foirne comhlachta den sórt sin gan dul i gcomhairle ar dtús leis an Aire i ndáil leis an gcéanna.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na comhlachtaí seo a leanas:

(*a*) Coimisiún an Bhainc Ceannais;

(*b*) An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta;

(*c*) An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa;

(*d*) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta;

(*e*) An Coiste Comhairleach um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta;

(*f*) An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta;

(*g*) Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean;

(*h*) An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní;

(*i*) Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;

(*j*) Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais;

(*k*) Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

Comhlíonadh airbheartaithe feidhmeanna áirithe ag an Aire.

22.—(1) Aon fheidhm (lena n-áirítear feidhm arb é atá inti an chumhacht ionstraim reachtúil a dhéanamh) de chuid an Aire Airgeadais a bheidh comhlíonta nó a airbheartaítear a bheith comhlíonta ag an Aire tar éis thosach feidhme na Coda seo, measfar í a bheith comhlíonta go bailí ag an Aire Airgeadais, más rud é, an tráth a comhlíonadh nó a airbheartaítear gur comhlíonadh an fheidhm, gur chreid an tAire go raibh an fheidhm dílsithe dó nó di de bhua *fho-alt (1)* nó *(4) d'alt 9*.

(2) I gcás go ndéanann an tAire, nó go n-airbheartaíonn an tAire go ndéanann sé nó sí, feidhm de chuid an Aire Airgeadais a chomhlíonadh, toimhdeofar, in aon imeachtaí ina dhiaidh sin (cibé acu sibhialta nó coiriúil), mura gcruthófar a mhalairt, gur chreid an tAire, an tráth a comhlíonadh nó a airbheartaítear gur comhlíonadh an fheidhm, go raibh an fheidhm dílsithe dó nó di de bhua *fho-alt (1)* nó *(4) d'alt 9*.

(3) San alt seo, ní fholaíonn "feidhm" feidhm de chuid an Aire Airgeadais lena mbaineann *alt 16(3)*, *17*, *18*, *20* nó *21*, nó *Cuid 4*.

Comhlíonadh airbheartaithe feidhmeanna áirithe ag an Aire Airgeadais.

23.—(1) Aon fheidhm (lena n-áirítear feidhm arb é atá inti an chumhacht ionstraim reachtúil a dhéanamh) de chuid an Aire a bheidh comhlíonta nó a airbheartaítear a bheith comhlíonta ag an Aire Airgeadais, measfar í a bheith comhlíonta go bailí ag an Aire, más rud é, an tráth a comhlíonadh nó a airbheartaítear gur comhlíonadh an fheidhm, gur chreid an tAire Airgeadais go raibh an fheidhm dílsithe don Aire Airgeadais.

(2) I gcás go ndéanann an tAire Airgeadais, nó go n-airbheartaíonn an tAire Airgeadais go ndéanann sé nó sí, feidhm de chuid an Aire a chomhlíonadh, toimhdeofar, in aon imeachtaí ina dhiaidh sin (cibé acu sibhialta nó coiriúil), mura gcruthófar a mhalairt, gur chreid an tAire Airgeadais, an tráth a comhlíonadh nó a airbheartaítear gur comhlíonadh an fheidhm, go raibh an fheidhm dílsithe dó nó di.

(3) San alt seo, ní fholaíonn "feidhm"—

(*a*) feidhm a aistrítear chuig an Aire faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 8* nó faoi *fho-alt (2)* nó *(3) d'alt 9*,

(*b*) feidhm de chuid an Aire lena mbaineann *alt 16(3)*, *17*, *18*, *20* nó *21*, nó *Cuid 4*, nó

(*c*) feidhm a aistrítear chuig an Aire le hordú faoi alt 6(1) d'Acht 1939.

Díospóid i ndáil le feidhmeanna a chomhlíonadh.

24.—Má éiríonn aon amhras, ceist, nó díospóid i dtaobh an Aire den Rialtas dá bhfuil aon fheidhm ar leith dílsithe de bhua an Achta seo, cinnfidh an Taoiseach an t-amhras, an cheist, nó an díospóid sin.

CUID 4

Leasú ar Achtacháin Áirithe

Leasú ar alt 26 den Acht Deocha Meisciúla (Generálta), 1924.

25.—Leasaítear alt 26 den Acht Deocha Meisciúla (Generálta), 1924, i bhfo-alt (5), trí "faoi réir ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "fé réir ceadú ón Aire Airgid".

Leasú ar Acht Leictreachais na Sionainne, 1925.

26.—Leasaítear Acht Leictreachais na Sionainne, 1925—

(*a*) i bhfo-alt (1) d'alt 11, trí "Ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, féadfaidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "Féadfidh an tAire Airgid",

(*b*) i bhfo-alt (2) d'alt 11, trí "arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh " fé réir ceada an Aire Airgid", agus

(*c*) i bhfo-alt (4) d'alt 14, trí "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgid".

Leasú ar alt 12 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927.

27.—Leasaítear alt 12 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "Le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faoi réir" a chur in ionad "Fé réir", agus

(*b*) i bhfo-alt (6), trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "a roimh-íocfidh an tAire Airgid".

Leasú ar alt 7 d'Acht na dTailte Stáit (Tithe Oibre), 1930.

28.—Leasaítear alt 7 d'Acht na dTailte Stáit (Tithe Oibre), 1930, i bhfo-alt (2), trí "déanfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, é a aisíoc leis an Aire" a chur in ionad "aisíocfar leis an Aire é".

Leasú ar alt 4 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1930.

29.—Leasaítear alt 4 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1930 trí "gur tháinig an tAire Airgeadais ar an tuairim ina taobh, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "gurb é tuairim an Aire Airgid ina taobh".

Leasú ar alt 3 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1931.

30.—Leasaítear alt 3 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1931, i bhfo-alt (1), trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faoi réir na teorann a fhorchuirtear leis an alt seo" a chur in ionad "(fé réir na teorann a forchuirtear leis an alt so)" .

Leasú ar alt 12 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) (Uimh. 2), 1934.

31.—Leasaítear alt 12 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) (Uimh. 2), 1934, i bhfo-alt (1), trí "le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "Féadfaidh an tAire Airgid,".

Leasú ar alt 13 d'Acht Iascaigh na Sionainne, 1935.

32.—Leasaítear alt 13 d'Acht Iascaigh na Sionainne, 1935, i bhfo-alt (1), trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faoi réir an ailt seo," a chur in ionad "(fé réir forálacha an ailt seo)".

Leasú ar Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935.

33.—Leasaítear Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935—

(*a*) i bhfo-alt (3) (arna leasú le halt 7 d'Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1940) d'alt 3, trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "ordóidh an tAire",

(*b*) i bhfo-alt (2) d'alt 5, trí "féadfaidh an tAire, faoi mar is dóigh leis agus nuair is dóigh leis is ceart é agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "féadfaidh an tAire, fé mar is dóich leis agus nuair is dóich leis is ceart é ",

(*c*) i bhfo-alt (5) d'alt 5—

(i) trí ", tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "ar a gcinnfidh an tAire", agus

(ii) trí "agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach roimh "an tAire eile sin.",

(*d*) i bhfo-alt (1) d'alt 8, trí ", agus rachaidh sé i gcomhairle, ó am go ham, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le foirm na gcuntas sin" a chur isteach i ndiaidh "maidir leis an gciste",

(*e*) i bhfo-alt (1) d'alt 17, trí ", tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "Féadfaidh an tAire", agus

(*f*) i bhfo-alt (2) d'alt 17, trí ", tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "ordóidh an tAire".

Leasú ar alt 15 d'Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937.

34.—Leasaítear alt 15 d'Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937—

(*a*) i bhfo-alt (2)—

(i) trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgid", agus

(ii) trí "an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "an tAire sin", agus

(*b*) i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le mír (*c*) d'alt 56 d'Acht 2001) trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "féadfaidh an tAire Airgeadais,".

Leasú ar alt 3 d'Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1937.

35.—Leasaítear alt 3 d'Acht Ciste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1937 trí "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "Má orduíonn agus pé uair ordóidh an tAire amhlaidh,".

Leasú ar alt 15 den Acht Alcóil Cheárdais, 1938.

36.—Leasaítear alt 15 den Acht Alcóil Cheárdais, 1938—

(*a*) trí mhír (*a*) d'fho-alt (1) a scriosadh, agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(1A) Déanfaidh an tAire Airgeadais an t-airgead go léir a theastóidh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe ó am go ham faoi chomhair íocaíochtaí is gá dó a dhéanamh leis an gCuideachta i leith aon scaireanna a shuibscríobhfaidh sé lena n-aghaidh nó a thógfaidh sé faoin gCuid seo, ar iarraidh uaidh, a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.".

Leasú ar alt 5 d'Acht na nOispidéal, 1939.

37.—Leasaítear alt 5 d'Acht na nOispidéal, 1939, i mír (*g*)—

(*a*) trí "agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "le toiliú an Aire Airgeadais", agus

(*b*) trí "ar chumas an Aire Airgeadais" a chur in ionad "ar chumas an Aire sin".

Leasú ar Acht Siltin Cheanntar na Forghasa, 1943.

38.—Leasaítear Acht Siltin Cheanntar na Forghasa, 1943—

(*a*) i bhfo-alt (5) d'alt 4, trí ", le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "go dtabharfadh an tAire", agus

(*b*) i bhfo-alt (6) d'alt 4, trí ", le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "go dtabharfadh an tAire".

Leasú ar an Acht Iompair, 1944.

39.—Leasaítear an tAcht Iompair, 1944—

(*a*) i bhfo-alt (1) d'alt 16, trí "agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire Airgeadais", agus

(*b*) i bhfo-alt (2) d'alt 22—

(i) trí "agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire Airgeadais " i mír (*a*), agus

(ii) trí "tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "ag an Aire Airgeadais," i mír (*b*).

Leasú ar alt 21 d'Acht 1945.

40.—Leasaítear alt 21 d'Acht 1945 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Déanfaidh an tAire Airgeadais an t-airgead go léir a theastóidh ó am go ham ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chomhair íocaíochtaí is gá a dhéanamh i leith aon scaireanna a shuibscríobhfaidh sé lena n-aghaidh faoin Acht seo, a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.".

Leasú ar alt 3 den Acht Airgeadais (Forála Ilghnéitheacha), 1945.

41.—Leasaítear alt 3 den Acht Airgeadais (Forála Ilghnéitheacha), 1945, i bhfo-alt (1), trí ", is rogha a fheidhmeofar tar éis don Aire Airgeadais dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "mar is rogha leis an Aire Airgeadais".

Leasú ar an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1945.

42.—Leasaítear alt 40 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1945 i bhfo-alt (1), trí ", tar éis don Aire Airgeadais dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ordóidh an tAire Airgeadais".

Leasú ar alt 53 den Acht Forbartha Móna, 1946.

43.—Leasaítear alt 53 den Acht Forbartha Móna, 1946 i bhfo-alt (1) (arna leasú le halt 13 den Acht Forbartha Móna, 1981), trí ", arna dhéanamh tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ar mholadh an Aire".

Leasú ar alt 4 d'Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947.

44.—Leasaítear alt 4 d'Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Íocfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le ceann comhairimh an tSeanaid, as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis, méid na muirear réasúnach a bheidh air, is méid nach mó ná cibé méid a cheadóidh an tAire sin, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i leith chomhlíonadh a dhualgas faoin Acht seo ag ceann comhairimh an tSeanaid.",

agus

(*b*) i bhfo-alt (3A) (a cuireadh isteach le mír (*a*) d'alt 57 d'Acht 2001) trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire" a chur in ionad "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire".

Leasú ar an Acht Iascaigh Mhara, 1952.

45.—Leasaítear an tAcht Iascaigh Mhara, 1952—

(*a*) i bhfo-alt (1) (arna leasú le halt 1 den Acht Iascaigh Mhara (Leasú), 1982) d'alt 18, trí ", arna dhéanamh tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ar mholadh an Aire",

(*b*) i bhfo-alt (1) d'alt 21, trí "le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach roimh "tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire",

(*c*) i bhfo-alt (5) d'alt 21, trí ", tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "mar ordós an tAire Airgeadais", agus

(*d*) in alt 22, trí "agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire Airgeadais".

Leasú ar an Acht Árachais, 1953.

46.—Leasaítear an tAcht Árachais, 1953—

(*a*) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht Árachais, 1983) d'alt 2, trí "agus an Aire Caiteachais

Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "le toiliú an Aire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (1A) (a cuireadh isteach le halt 2 den Acht Árachais, 1969) d'alt 2, trí "agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "le toiliú an Aire Airgeadais",

(*c*) i bhfo-alt (4) d'alt 2, trí "Airleacfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "Airleacfar",

(*d*) i bhfo-alt (7) d'alt 2, trí "de réir ordacháin an Aire Airgeadais, arna dtabhairt tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "do réir mar threorós an tAire Airgeadais", agus

(*e*) i bhfo-alt (1) d'alt 3, trí ", le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "a threorós an tAire Airgeadais".

Leasú ar an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1954.

47.—Leasaítear an tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1954—

(*a*) i bhfo-alt (1) d'alt 5 (arna leasú le halt 4 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1958), trí "agus le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ar mholadh an Aire",

(*b*) i bhfo-alt (1) d'alt 8—

(i) trí "Féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le toiliú an Aire Airgeadais agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "Féadfaidh an tAire Airgeadais, ar pé coinníollacha is cuí leis", agus

(ii) trí "go nglacfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an stoc sin nó cion sonraithe éigin de agus go n-íocfaidh an tAire Airgeadais as" a chur in ionad "go nglacfaidh sé an stoc sin nó cion sonraithe éigin de agus go n-íocfaidh as",

agus

(*c*) i bhfo-alt (2) d'alt 8, trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "sé".

Leasú ar alt 2 den Acht Forbartha Móna, 1957.

48.—Leasaítear alt 2 den Acht Forbartha Móna, 1957—

(*a*) i bhfo-alt (1)—

(i) trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ar pé coinníollacha is cuí leis", agus

(ii) trí "go nglacfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an stoc sin nó cion sonraithe éigin de agus go n-íocfaidh an tAire Airgeadais as" a chur in

ionad "go nglacfaidh sé an stoc sin nó cion sonraithe éigin de agus go n-íocfaidh as",

agus

(*b*) i bhfo-alt (2), trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "sé".

Leasú ar alt 11 den Acht Iompair, 1958.

49.—Leasaítear alt 11 den Acht Iompair, 1958 trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "Íocfar" i bhfo-alt (2).

Leasú ar alt 10 den Acht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959.

50.—Leasaítear alt 10 den Acht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959, i mír (*a*), trí "i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "i seilbh an Aire Airgeadais".

Leasú ar an Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960.

51.—Leasaítear alt 55 (arna leasú le halt 251 den Acht Airgeadais, 1992) den Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960—

(*a*) trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais", agus

(*b*) trí ", ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh," a chur isteach i ndiaidh "féadfaidh an tAire Airgeadais".

Leasú ar alt 4 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1962.

52.—Leasaítear alt 4 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1962, i bhfo-alt (1), trí "arna dhéanamh tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ar mholadh an Aire".

Leasú ar alt 2 den Acht Iascaigh Mhara (Leasú), 1963.

53.—Leasaítear alt 2 den Acht Iascaigh Mhara (Leasú), 1963, i mír (*a*), trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "féadfaidh an tAire Airgeadais,".

Leasú ar an Acht um an nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta, 1963.

54.—Leasaítear an tAcht um an nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta, 1963—

(*a*) i bhfo-alt (1) d'alt 6, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais,",

(*b*) i bhfo-alt (2) d'alt 6, trí "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais",

(*c*) i bhfo-alt (1) d'alt 8, trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "a thoradh fáis",

(*d*) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 10:

"10.—(1) Íocfar isteach sa Státchiste, nó chun tairbhe don Státchiste, i cibé slí is cuí leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na díbhinní, na bónais, na glanfháltais díolacháin agus an t-airgead eile go léir a gheobhaidh sé i leith scaireanna na Cuideachta.

(2) Íocfar isteach sa Státchiste, nó chun tairbhe don Státchiste, i cibé slí is cuí leis an Aire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe—

(*a*) an t-airgead go léir a gheobhaidh an tAire Airgeadais mar aisíoc, nó chun ús a íoc, ar airgead arna airleacan aige faoi alt 6 den Acht seo, agus

(*b*) airgead a aisíocfar leis an Aire, nó a ghnóthóidh sé, faoi fho-alt (4) nó (6) d'alt 7 den Acht seo.",

agus

(*e*) i bhfo-alt (*a*) d'alt 11, trí "ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ag an Aire Airgeadais".

55.—Leasaítear alt 4 den Acht Iompair, 1964— Leasú ar alt 4 den Acht Iompair, 1964.

(*a*) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 3 den Acht Iompair, 1981), trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais,",

(*b*) i bhfo-alt (2), trí ", le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais", agus

(*c*) i bhfo-alt (4), trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "Airleacfar".

56.—Leasaítear alt 1 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1971, i bhfo-alt (1), trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais,". Leasú ar alt 1 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1971.

57.—Leasaítear Acht 1976— Leasú ar Acht 1976.

(*a*) i bhfo-alt (1) d'alt 9, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais agus Aire na Seirbhíse Poiblí",

(*b*) i bhfo-alt (2) d'alt 9, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais agus Aire na Seirbhíse Poiblí",

(*c*) i bhfo-alt (1) d'alt 22, trí "arna dhéanamh tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ar mholadh ón Aire", agus

(*d*) i bhfo-alt (2) d'alt 22, trí ", le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais".

Leasú ar alt 7 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1976.

58.—Leasaítear alt 7 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1976—

(*a*) i bhfo-alt (2)—

(i) trí "a bheidh le híoc ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a bheidh le híoc ag an Aire", agus

(ii) trí "íocfaidh an tAire Airgeadais an céanna, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh" a chur in ionad "íocfaidh an tAire an céanna",

agus

(*b*) i bhfo-alt (3)—

(i) trí "a ghlacfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a ghlacfaidh an tAire", agus

(ii) trí "ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ón Aire Airgeadais".

Leasú ar alt 14 den Acht um Fhiadhúlra, 1976.

59.—Leasaítear alt 14 den Acht um Fhiadhúlra, 1976, trí "toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "toiliú an Aire Airgeadais agus Aire na Seirbhíse Poiblí" gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar an Acht um Stiúideonna Scannán Náisiúnta na hÉireann Teoranta, 1980.

60.—Leasaítear an tAcht um Stiúideonna Scannán Náisiúnta na hÉireann Teoranta, 1980—

(*a*) in alt 2, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (1) d'alt 3, trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais",

(*c*) i bhfo-alt (2) d'alt 3—

(i) trí "ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ón Aire Airgeadais", agus

(ii) trí "Airleacfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "Airleacfar",

(*d*) in alt 4, trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais" i bhfo-alt (1) agus "ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ag an Aire Airgeadais" i bhfo-alt (2),

(*e*) in alt 5, trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais",

(*f*) in alt 6, trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad" "an tAire Airgeadais",

(*g*) in alt 12, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais",

(*h*) in alt 13, trí "ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ag an Aire Airgeadais",

(*i*) i bhfo-alt (2) d'alt 14, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais", agus

(*j*) i mír (*a*) d'alt 16, trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais".

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980.

61.—Leasaítear Cuid 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980 trí "An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach.

Leasú ar an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981.

62.—Leasaítear an tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, trí "leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "leis an Aire Airgeadais agus le hAire na Seirbhíse Poiblí" agus trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais agus Aire na Seirbhíse Poiblí" gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 8 den Acht um Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh Teoranta, 1982.

63.—Leasaítear alt 8 den Acht um Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh Teoranta, 1982, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais agus Aire na Seirbhíse Poiblí".

Leasú ar Acht 1983.

64.—(1) Leasaítear alt 16 d'Acht 1983, i bhfo-alt (1), trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais agus, de réir mar is iomchuí, le toiliú Aire na Seirbhíse Poiblí".

(2) Leasaítear alt 17 d'Acht 1983 trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais agus, de réir mar is iomchuí, le toiliú Aire na Seirbhíse Poiblí".

(3) Leasaítear alt 24 d'Acht 1983 trí ", le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "airleacfaidh an tAire Airgeadais".

(4) Leasaítear alt 27 d'Acht 1983—

(*a*) i mír (*a*) d'fho-alt (1), trí ", an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "toiliú an Aire", agus

(*b*) i bhfo-alt (2), trí "agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "toiliú an Aire Airgeadais".

(5) Leasaítear alt 29 d'Acht 1983—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) Féadfaidh an tAire Airgeadais, ar iarratas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, suim nach mó ná €63,500,000 a chur fáil don chuideachta poist chun oibreacha caipitiúla a mhaoiniú.",

agus

(*b*) i bhfomhír (i) de mhír (*b*) d'fho-alt (1), trí "tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "a chinnfidh an tAire Airgeadais,".

(6) Leasaítear alt 31 d'Acht 1983, i bhfo-alt (1), trí "Ar iarratas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuirfidh" a chur in ionad "Cuirfidh".

(7) Leasaítear alt 46 d'Acht 1983, i bhfo-alt (9) (arna leasú le halt 11 den Acht Teileachumarsáide (Forálacha Ilghnéitheacha), 1996)—

(*a*) trí "Déanfaidh an tAire Airgeadais, ar iarratas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "Déanfaidh an tAire Airgeadais", agus

(*b*) trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "lena thoiliú".

(8) Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1983, i bhfomhír (2) de mhír 3, trí "a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le ceadú an Aire Airgeadais," a chur in ionad "a chinnfidh an tAire Airgeadais".

Leasú ar an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

65.—(1) Leasaítear Acht 1986—

(*a*) in alt 12, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Is i cibé foirm ar comhréir leis an Acht seo a bheidh ceadaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bheidh airteagail chomhlachais na Cuideachta.",

agus

(*b*) i bhfo-alt (5) d'alt 14, trí "a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a chinnfidh an tAire, le toiliú Aire na Seirbhíse Poiblí".

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú ar alt 12 d'Acht 1986 a dhéantar leis an alt seo maidir leis na hairteagail chomhlachais de chuid na

Cuideachta (de réir bhrí Acht 1986) a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme na Coda seo.

(3) San alt seo, ciallaíonn "Acht 1986" an tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

Leasú ar an Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986.

66.—Leasaítear an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986—

(*a*) in alt 10, trí "an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an Aire Airgeadais agus, más iomchuí, Aire na Seirbhíse Poiblí",

(*b*) i bhfo-alt (1) d'alt 11, trí "an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe " a chur in ionad "an Aire Airgeadais agus, más iomchuí, Aire na Seirbhíse Poiblí", agus

(*c*) in alt 12, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "le toiliú an Aire Airgeadais agus, más iomchuí, le toiliú Aire na Seirbhíse Poiblí".

Leasú ar Acht 1988.

67.—Leasaítear Acht 1988—

(*a*) i mír (*a*) d'fho-alt (1) d'alt 26, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire" a chur in ionad "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire",

(*b*) i bhfo-alt (2) d'alt 26, trí "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais",

(*c*) i bhfo-alt (1) d'alt 27, trí ", ar iarraidh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "Féadfaidh an tAire Airgeadais".

(*d*) in alt 28—

(i) trí ", 26 nó 27" a scriosadh i bhfo-alt (1), agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(1A) An t-airgead go léir a bheidh ag teastáil ó am go ham ón Aire Airgeadais faoi chomhair suimeanna a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige faoi alt 26 nó 27, déanfaidh sé, ar iarraidh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, é a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.",

(*e*) i bhfo-alt (11) d'alt 44—

(i) trí "ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ar an Aire Airgeadais", agus

(ii) trí "Ar iarraidh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airleacfaidh an tAire Airgeadais", a chur in ionad "Airleacfar",

agus

(*f*) i bhfo-alt (3) d'alt 49, trí "airleacfar chuige é, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "airleacfar chuige é".

Leasú ar alt 69 den Acht Airgeadais, 1988.

68.—Leasaítear alt 69 den Acht Airgeadais, 1988 trí "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "féadfaidh an tAire Airgeadais,".

Leasú ar alt 6 d'Acht na nOspidéal Poiblí (Leasú), 1990.

69.—Leasaítear alt 6 d'Acht na nOspidéal Poiblí (Leasú), 1990, trí ", ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á iarraidh sin," a chur isteach i ndiaidh "déanfaidh an tAire Airgeadais".

Leasú ar alt 14 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992.

70.—Leasaítear alt 14 (a cuireadh isteach le halt 41 den Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006) den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992, i bhfo-alt (9), trí ", leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "i gcomhairle leis an Aire".

Leasú ar alt 13 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992.

71.—Leasaítear alt 13 (a cuireadh isteach le halt 15 den Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, i bhfo-alt (9), trí ", leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "i gcomhairle leis an Aire".

Leasú ar an Acht Toghcháin, 1992.

72.—Leasaítear an tAcht Toghcháin, 1992—

(*a*) i bhfo-alt (2) d'alt 4, trí "an tAire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais",

(*b*) in alt 32—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais", agus

(II) trí "agus ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, íocfaidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "agus íocfaidh an tAire sin",

(ii) i bhfo-alt (1A) (a cuireadh isteach le halt 77(*a*) d'Acht 1997), trí "Ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, cúiteoidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "Cúiteoidh an tAire Airgeadais", agus

(iii) i bhfo-alt (4) (a cuireadh isteach le halt 14 d'Acht 2001), trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire" a chur in ionad "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire", agus

(*c*) i mír (7) de riail 7 (a cuireadh isteach le halt 47(*c*) d'Acht 2001) de Sceideal 3, trí "Déanfaidh an tAire Airgeadais,

le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "Déanfaidh an tAire Airgeadais".

Leasú ar alt 41 d'Acht 1993.

73.—Leasaítear alt 41 d'Acht 1993, i bhfo-alt (13)—

(*a*) trí "ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ar an Aire Airgeadais", agus

(*b*) trí "Déanfaidh an tAire Airgeadais, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é sin a iarraidh," a chur in ionad "Déanfar".

Leasú ar Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993.

74.—Leasaítear Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993—

(*a*) i bhfo-alt (2) d'alt 5, trí "a cheadóidh an tAire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a cheadóidh an tAire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (4) d'alt 9, trí "a cheadóidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "a cheadóidh an tAire Airgeadais",

(*c*) i bhfo-alt (6) (a cuireadh isteach le halt 52(*b*) d'Acht 2001) d'alt 9, trí "agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an t-airleacan sin a thabhairt" a chur in ionad "an t-airleacan sin a thabhairt",

(*d*) i bhfo-alt (1) d'alt 11—

(i) trí "Déanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scála" a chur in ionad "Déanfaidh an tAire Airgeadais scála", agus

(ii) trí "agus, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, déanfaidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "agus déanfaidh an tAire Airgeadais",

(*e*) i bhfo-alt (1A) (a cuireadh isteach le halt 77(*b*) d'Acht 1997) d'alt 11, trí "Ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, cúiteoidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "Cúiteoidh an tAire Airgeadais", agus

(*f*) i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 52(*c*) d'Acht 2001) d'alt 11, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire" a chur in ionad "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire".

Leasú ar an Acht Reifrinn, 1994.

75.—Leasaítear an tAcht Reifrinn, 1994—

(*a*) i bhfo-alt (2) d'alt 4, trí "a cheadóidh an tAire Airgeadais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a cheadóidh an tAire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (4) d'alt 14, trí "a cheadóidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a cheadóidh an tAire Airgeadais",

(*c*) i bhfo-alt (6) (a cuireadh isteach le halt 55(*b*) d'Acht 2001) d'alt 14, trí "Féadfaidh an tAire Airgeadais, le toiliú an

Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "Féadfaidh an tAire Airgeadais",

(*d*) i bhfo-alt (1) d'alt 16—

(i) trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais", agus

(ii) trí "agus ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é sin a iarraidh, íocfaidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "agus íocfaidh an tAire sin",

(*e*) i bhfo-alt (1A) d'alt 16 (a cuireadh isteach le halt 77(*c*) d'Acht 1997), i bhfo-alt (1A), trí "Ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é sin a iarraidh, cúiteoidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "Cúiteoidh an tAire Airgeadais",

(*f*) i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 55(*c*) d'Acht 2001) d'alt 16, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire" a chur in ionad "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire", agus

(*g*) i bhfo-alt (5) d'alt 47, trí "Íocfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "Íocfaidh an tAire Airgeadais".

Leasú ar Acht 1996.

76.—Leasaítear Acht 1996—

(*a*) i mír (*e*) d'fho-alt (1) d'alt 19—

(i) trí "chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "chuig an Aire Airgeadais", agus

(ii) trí "Déanfaidh an tAire Airgeadais, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh," a chur in ionad "Déanfar",

(*b*) i bhfo-alt (1) (arna leasú le halt 6 den Acht Cuanta (Leasú), 2000) d'alt 25, trí "ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, agus" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais,",

(*c*) i mír (*a*) d'fho-alt (2) d'alt 25, trí "leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "dul i gcomhairle",

(*d*) in alt 26—

(i) trí "nó 25" a scriosadh i bhfo-alt (1), agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(1A) An t-airgead go léir a bheidh ag teastáil ó am go ham ón Aire Airgeadais faoi chomhair suimeanna a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige faoi alt 25, déanfaidh sé, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, é a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.",

(*e*) in alt 41, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

"(10) Déanfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an t-airgead go léir a bheidh ag teastáil ó am go ham ón Aire nó ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chomhair suimeanna atá, nó a thiocfaidh chun bheith, iníoctha aige nó aici faoin alt seo, a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.",

agus

(*f*) i bhfo-alt (3) d'alt 101, trí "déanfar, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, é a airleacan chuige nó chuici" a chur in ionad "airleacfar chuige nó chuici é".

77.—Leasaítear Acht 1997— Leasú ar Acht 1997.

(*a*) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 50(*c*)(i) d'Acht 2001) d'alt 17, trí "déanfaidh an tAire Airgeadais le ceadú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "déanfar",

(*b*) i bhfo-alt (1) d'alt 19, trí "déanfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "déanfaidh tAire Airgeadais", agus

(*c*) i mír (*c*) (arna leasú le halt 50(*e*)(ii) d'Acht 2001) d'fho-alt (1) d'alt 21, trí "déanfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "déanfaidh an tAire Airgeadais".

78.—Leasaítear alt 33 den Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997— Leasú ar alt 33 den Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997.

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, agus" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais,", agus

(*b*) i bhfo-alt (2), trí ", tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais".

79.—Leasaítear an tAcht um Thoghchán do Pharlaimint na hEorpa, 1997— Leasú ar an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997.

(*a*) i bhfo-alt (2) d'alt 4, trí "a cheadóidh an tAire Airgeadais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a cheadóidh an tAire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (3) d'alt 15A (a cuireadh isteach le halt 51(*d*) d'Acht 2001), trí "a cheadóidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a cheadóidh an tAire Airgeadais",

(*c*) i bhfo-alt (1) d'alt 18—

(i) trí "Ullmhóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "Ullmhóidh an tAire Airgeadais", agus

(ii) trí "cúiteoidh an tAire Airgeadais, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh" a chur in ionad "cúiteoidh sé",

(*d*) i bhfo-alt (2) d'alt 18, trí "leis an bhfo-alt sin roimhe seo, agus ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh," a chur isteach i ndiaidh "leis an bhfo-alt sin roimhe seo,",

(*e*) i bhfo-alt (6) (a cuireadh isteach le halt 51(*f*) d'Acht 2001) d'alt 18, trí "le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire" a chur in ionad "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire", agus

(*f*) i mír (6) de riail 134 (a cuireadh isteach le riail jj de Sceideal 1 den Acht Toghcháin (Leasú), 2004) de Chuid XV de Sceideal 2, trí "Déanfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "Déanfaidh an tAire Airgeadais".

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

80.—Leasaítear mír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, i bhfomhír (1), trí "An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach.

Leasú ar an Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997.

81.—(1) Leasaítear alt 7B (a cuireadh isteach le halt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006) d'Acht 1997—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ón Aire Airgeadais", agus

(*b*) i mír (*b*) d'fho-alt (4), trí "agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire".

(2) Leasaítear alt 10 d'Acht 1997—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ón Aire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (3), trí "arna dtabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ón Aire Airgeadais", agus

(*c*) i mír (*b*) d'fho-alt (6), trí "agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire".

(3) Leasaítear alt 11 d'Acht 1997—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ón Aire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (3), trí "arna dtabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ón Aire Airgeadais", agus

(*c*) i mír (*c*) d'fho-alt (8), trí "agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire".

(4) San alt seo, ciallaíonn "Acht 1997" an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997.

Leasú ar alt 6A den Acht Loingis Cheannaíochta (Coimisinéirí Soilse na hÉireann), 1997.

82.—Leasaítear alt 6A (a cuireadh isteach le halt 5 den Acht Loingis Cheannaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1998) den Acht Loingis Cheannaíochta (Coimisinéirí Soilse na hÉireann), 1997—

(*a*) i bhfo-alt (1)—

(i) trí ", an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "le toiliú an Aire", agus

(ii) trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais",

agus

(*b*) i bhfo-alt (3), trí "faoi réir thoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais".

Leasú ar alt 44 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

83.—Leasaítear alt 44 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, i bhfo-alt (5), trí "déanfaidh an tAire Airgeadais, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh, é a airleacan" a chur in ionad "airleacfar é" .

Leasú ar alt 38 d'Acht na nOllscoileanna, 1997.

84.—Leasaítear alt 38 d'Acht na nOllscoileanna, 1997, i bhfo-alt (2), trí ", leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire".

Leasú ar Acht 1998.

85.—Leasaítear Acht 1998—

(*a*) in alt 12, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Déanfaidh an tAire Airgeadais, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é iarraidh, costas na scaire sin a airleacan don Aire as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.",

agus

(*b*) in alt 13, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Déanfaidh an tAire Airgeadais, ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é iarraidh, costas na scaireanna sin a airleacan do na sínitheoirí as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.".

Leasú ar alt 29 den Acht Iascaigh (Leasú), 1999.

86.—Leasaítear alt 29 den Acht Iascaigh (Leasú), 1999, i bhfo-alt (1), trí "tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "Ar mholadh ón Aire".

Leasú ar alt 37 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001.

87.—Leasaítear alt 37 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí ", ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a iarraidh," a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais",

(*b*) i bhfo-alt (2), trí "le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus" a chur isteach i ndiaidh "an tAire Airgeadais,", agus

(*c*) i bhfo-alt (5), trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach le haghaidh "an tAire Airgeadais".

Leasú ar alt 12 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001.

88.—Leasaítear alt 12 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001, i bhfo-alt (5), trí "agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "le toiliú an Aire Airgeadais".

Leasú ar alt 106 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

89.—Leasaítear alt 106 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rialacháin a dhéanamh i ndáil le húdaráis áitiúla d'fháil airgid ar iasacht.",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

"(8) Féadfaidh an tAire cuí, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ceadú d'údarás áitiúil iasacht a fháil in airgeadra seachas airgeadra an Stáit.".

Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

90.—Leasaítear Cuid 1 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, i mír (1), trí "An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;" a chur isteach.

Leasú ar an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003.

91.—Leasaítear an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003—

(*a*) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 6 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2009) d'alt 5—

(i) trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach roimh "an caiteachas", agus

(ii) trí "déanfaidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "déanfar",

agus

(*b*) i bhfo-alt (5)(*a*) d'alt 13—

(i) trí ", le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur isteach roimh "caiteachas breise", agus

(ii) trí "déanfaidh an tAire Airgeadais" a chur in ionad "déanfar".

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

92.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, i bhfomhír (1) de mhír 1, trí "An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach.

Leasú ar alt 36 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004.

93.—Leasaítear alt 36 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, trí "agus ar iarraidh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "amhlaidh".

Leasú ar alt 25 den Acht Toghcháin (Leasú), 2004.

94.—Leasaítear alt 25 den Acht Toghcháin (Leasú), 2004—

(*a*) i bhfo-alt (1)—

(i) trí "a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "a chinnfidh an tAire Airgeadais", agus

(ii) trí "Déanfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "Déanfar",

agus

(*b*) i bhfo-alt (2), trí "an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "an tAire Airgeadais".

Leasú ar alt 12 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

95.—Leasaítear alt 12 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*):

"(*c*) Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,".

Leasú ar alt 9 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

96.—Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005—

(*a*) in alt 4—

(i) i bhfo-alt (4), trí "ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur in ionad "ag an Aire Airgeadais",

(ii) i mír (*a*) den fho-alt sin, trí "13, 14, 15, 16, 17, 20(2)(*d*), 22, 23, 25(1)(*d*)" a scriosadh, agus

(iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(4A) Is faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais arna thabhairt tar éis don Aire Airgeadais dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a dhéanfaidh an tAire rialacháin faoi réim nó chun críocha alt 13, 14, 15, 16, 17, 20(2)(*d*), 22, 23, nó 25(1)(*d*).",

agus

(*b*) in alt 9, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(12) Rachaidh an tAire Airgeadais i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go ham i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an Aire Airgeadais aige nó aici faoin alt seo.".

Leasú ar alt 13 den Acht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006.

97.—Leasaítear alt 13 den Acht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "ón Aire Airgeadais", agus

(*b*) i mír (*b*) d'fho-alt (4), trí "agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe" a chur isteach i ndiaidh "leis an Aire".

Leasú ar an Acht Carthanas, 2009.

98.—Leasaítear an tAcht Carthanas, 2009, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 17:

"17.—Féadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, le toiliú an Aire, an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Airgeadais agus faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonróidh na hAirí sin den Rialtas, airgead a fháil ar iasacht (cibé acu ar urrús shócmhainní an Údaráis nó nach ea).".

Leasú ar alt 22 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009.

99.—Leasaítear alt 22 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009, i bhfo-alt (10), trí "Airleacfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe," a chur in ionad "Airleacfar".

CUID 5

Ilghnéitheach

Foireann de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar iasacht.

100.—Chun críocha aon phrionsabail nó rialach dlí a bhaineann le feidhmeanna Aire den Rialtas a chomhlíonadh, agus chun na gcríoch sin amháin, measfar, maidir le haon chomhalta d'fhoireann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá sannta de thuras na huaire chun feidhmeanna a chomhlíonadh sa Roinn Airgeadais, d'ainneoin alt 7(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, gur oifigeach don Aire Airgeadais é nó í.

Neamhspleáchas na gCoimisinéirí Ioncaim.

101.—(1) Beidh na Coimisinéirí Ioncaim neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi achtachán iomchuí nó chun críocha achtacháin iomchuí.

(2) Ní bheidh feidhm ag alt 9(3) d'Acht 1924 ná ag Airteagal 9 den Ordú um Choimisinéirí Ioncuim, 1923 (I.R. Uimh. 2 de 1923) maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna acu faoi achtachán iomchuí nó chun críocha achtacháin iomchuí.

(3) San alt seo—

ciallaíonn "achtachán iomchuí"—

(*a*) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, nó aon reacht lena leasaítear an tAcht sin nó lena leathnaítear a fheidhm,

(*b*) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(*c*) na hAchtanna Custam nó aon ionstraim a bhaineann le custaim arna déanamh faoi reacht,

(*d*) na hAchtanna Cánach,

(*e*) Cuid 18A, 18B, 18C nó 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(*f*) aon reacht a bhaineann leis na dleachtanna máil nó le bainistiú na ndleachtanna sin,

(*g*) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, nó aon reacht lena leasaítear an tAcht sin nó lena leathnaítear a fheidhm,

(*h*) an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, nó aon reacht lena leasaítear an tAcht sin nó lena leathnaítear a fheidhm,

(*i*) aon ionstraim arna déanamh faoi aon cheann de na reachtanna sin roimhe seo, nó

(*j*) aon ionstraim reachtúil a bhaineann le haon cháin, dleacht, muirear nó tobhach a chuirtear faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim;

tá le "ionstraim reachtúil" an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005.

Alt 10.

SCEIDEAL 1

1. Comhlacht ar gníomhaíochtaí tráchtála ó cháilíocht iad a ghníomhaíochtaí agus a bunaíodh le reacht nó faoi reacht—

   (*a*) a bhí i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh an dáta a tháinig an Bunreacht i bhfeidhm, agus

   (*b*) a leanann de lánfheidhm a bheith aige agus de lánéifeacht a bheith leis de bhun Airteagal 50 den Bhunreacht.

2. Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, cuideachta phoiblí theoranta.

3. Údarás Aerfort Chorcaí, cuideachta phoiblí theoranta.

4. Údarás Aerfort na Sionna, cuideachta phoiblí theoranta.

5. Bord Gáis Éireann.

6. Bord na gCon.

7. Bord na Móna, cuideachta phoiblí theoranta.

8. Córas Iompair Éireann.

9. Coillte Teoranta.

10. Bord Soláthair an Leictreachais.

11. EirGrid.

12. Údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946 nó cuideachta lena mbaineann alt 7 den Acht Cuanta, 1996.

13. Rásaíocht Capall Éireann.

14. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, Teoranta.

15. Údarás Eitlíochta na hÉireann.

16. An Post.

17. Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

18. Raidió Teilifís Éireann.

19. Teilifís na Gaeilge.

20. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.

21. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

SCEIDEAL 2

Ailt 9 agus 20.

FEIDHMEANNA A AISTRÍTEAR CHUIG AN AIRE

CUID 1

FEIDHMEANNA IS INCHOMHLÍONTA LE TOILIÚ AN AIRE AIRGEADAIS

REACHTANNA

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Foráil (3)
Uimh. 42 de 1934	An tAcht um Beithígh agus Caoire do Mharbhadh, 1934	Alt 41
Uimh. 26 de 1935	An tAcht Tora Talmhaíochta (Arbhar), 1935	Alt 20
Uimh. 23 de 1938	An tAcht Alcóil Cheárdais, 1938	Mír 4(d) (a cuireadh isteach le halt 10(c) den Acht Alcóil Cheardais (Leasú), 1980) den Sceideal
Uimh. 9 de 1941	An tAcht Tora Déiríochta (Praghas do Dhéanamh Seasmhach) (Leasú), 1941	Alt 9
Uimh. 13 de 1941	An tAcht um Chuideachtain Lorgtha agus Forbartha Mianraí, 1941	Alt 10
Uimh. 21 de 1944	An tAcht Iompair, 1944	Alt 17(3)
Uimh. 31 de 1945	An tAcht Groighe Náisiúnta, 1945	Alt 24
Uimh. 9 de 1946	An tAcht Cuanta, 1946	Alt 120
Uimh. 35 de 1947	Acht Chuideachta na Mianraí, 1947	Alt 3
Uimh. 12 de 1950	An tAcht Iompair, 1950	Ailt 28 agus 29(5)
Uimh. 28 de 1951	An tAcht Stórais Arbhair (Iasachta), 1951	Ailt 4 agus 5
Uimh. 19 de 1953	An tAcht Forbartha Móna, 1953	Alt 7
Uimh. 17 de 1954	An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1954	Ailt 3 agus 4
Uimh. 10 de 1957	An tAcht Forbartha Móna, 1957	Ailt 1 agus 11
Uimh. 12 de 1958	Acht Tionscail na gCon, 1958	Alt 17
Uimh. 30 de 1964	An tAcht Iompair, 1964	Alt 5
Uimh. 22 de 1969	An tAcht Mine Féir (Táirgeadh) (Leasú), 1969	Alt 2
Uimh. 30 de 1976	An tAcht Gáis, 1976	Ailt 8A, 23 agus 24
Uimh. 5 de 1979	An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979	Ailt 10(5) agus 24
Uimh. 36 de 1980	An tAcht um Bord Scannán na hÉireann, 1980	Alt 11
Uimh. 26 de 1982	An tAcht um Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh Teoranta, 1982	Alt 10
Uimh. 15 de 1985	An tAcht Iompair, 1985	Alt 2
Uimh. 9 de 1986	An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986	Ailt 19 agus 24
Uimh. 28 de 1986	An tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986	Alt 16

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Foráil (3)
Uimh. 15 de 1987	An tAcht um Áiseanna Saothair, 1987	Alt 15
Uimh. 27 de 1987	An tAcht Iompair, 1987	Alt 3
Uimh. 18 de 1988	An tAcht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988	Alt 16
Uimh. 26 de 1988	An tAcht Foraoiseachta, 1988	Alt 24
Uimh. 19 de 1990	An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	Alt 30(2)
Uimh. 25 de 1990	Acht na bPinsean, 1990	Alt 20A
Uimh. 2 de 1991	An tAcht um Fhoras na Mara, 1991	Alt 14
Uimh. 7 de 1992	An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992	Alt 47
Uimh. 14 de 1993	Acht na mBóithre, 1993	Alt 25
Uimh. 29 de 1993	An tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993	Alt 26
Uimh. 16 de 1994	An tAcht Árachais Sláinte, 1994	Alt 24
Uimh. 18 de 1994	An tAcht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann, 1994	Alt 30
Uimh. 22 de 1994	An tAcht um an mBord Bia, 1994	Alt 23
Uimh. 25 de 1994	Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994	Alt 17(4)
Uimh. 29 de 1995	An tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995	Alt 17
Uimh. 4 de 1996	An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 1996	Alt 2(5A)
Uimh. 11 de 1996	An tAcht Cuanta, 1996	Alt 23
Uimh. 28 de 1996	An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996	Ailt 14 agus 15(5)
Uimh. 7 de 1997	An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1996	Alt 30(1)
Uimh. 11 de 1997	An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997	Ailt 34, 43(1), 44(3) agus 46(2)
Uimh. 37 de 1997	An tAcht Loingis Cheannaíochta (Coimisinéirí Soilse na hÉireann), 1997	Alt 6A
Uimh. 21 de 1998	An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	Alt 55(2)
Uimh. 24 de 1998	An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998	Ailt 13 agus 22(3)(*g*)
Uimh. 26 de 1998	An tAcht Forbartha Móna, 1998	Alt 22
Uimh. 29 de 1998	An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998	Alt 23
Uimh. 42 de 1998	An tAcht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998	Alt 24
Uimh. 23 de 1999	An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999	Mír 24 de Sceideal 1
Uimh. 1 de 2000	An tAcht um Chomhairle, 2000	Alt 21

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Foráil (3)
Uimh. 1 de 2001	An tAcht um Rialáil Eitlíochta, 2001	Alt 25
Uimh. 8 de 2001	An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001	Alt 20
Uimh. 25 de 2001	An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001	Alt 41
Uimh. 34 de 2001	An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin do Ghníomhaíochtaí Eachtraíochta, 2001	Alt 29
Uimh. 43 de 2001	An tAcht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001	Alt 9
Uimh. 48 de 2001	An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Slánaíochtaí), 2001	Ailt 3, 7 agus 8
Uimh. 54 de 2001	An tAcht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001	Alt 24
Uimh. 55 de 2001	An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001	Alt 15
Uimh. 2 de 2002	An tAcht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002	Alt 23
Uimh. 14 de 2002	An tAcht Iomaíochta, 2002	Alt 43(2)
Uimh. 20 de 2002	An tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002	Alt 29
Uimh. 23 de 2003	An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003	Alt 30
Uimh. 44 de 2003	Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003	Alt 14 (9)
Uimh. 46 de 2003	An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003	Alt 75
Uimh. 15 de 2004	An tAcht Toghcháin (Leasú), 2004	Alt 29(2) agus (3)
Uimh. 27 de 2004	An tAcht um Thionóntachtaí Cónaitheacha, 2004	Alt 175
Uimh. 10 de 2005	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Alt 46
Uimh. 13 de 2005	An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Slánaíochtaí), 2005	Ailt 3, 8 agus 9
Uimh. 21 de 2005	An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, 2005	Alt 15(1)
Uimh. 24 de 2005	An tAcht Talún, 2005	Alt 3
Uimh. 31 de 2005	An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005	Alt 27
Uimh. 8 de 2006	An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006	Alt 64
Uimh. 14 de 2006	An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006	Alt 13
Uimh. 19 de 2006	An tAcht um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt, 2006	Alt 29
Uimh. 7 de 2007	An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007	Ailt 26 agus 27
Uimh. 19 de 2007	An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	Alt 29

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Foráil (3)
Uimh. 20 de 2007	An tAcht Cógaisíochta, 2007	Mír 18(1) de Sceideal 1
Uimh. 25 de 2007	Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007	Alt 33
Uimh. 11 de 2008	An tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Eirgrid), 2008	Alt 6
Uimh. 15 de 2008	An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008	Alt 30
Uimh. 18 de 2009	An tAcht Craolacháin, 2009	Ailt 35 agus 107
Uimh. 10 de 2010	An tAcht um Iascach Intíre, 2010	Alt 43

ORDUITHE

I.R. Uimhir (1)	Ordú (2)	Foráil (3)
I.R. Uimh. 279 de 1986	An tOrdú um Bord Taighde Sláinte (Bunú), 1986	Airteagal 30
I.R. Uimh. 109 de 2000	An tOrdú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000	Airteagal 30(1)

CUID 2

Feidhmeanna is inchomhlíonta tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Foráil (3)
Uimh. 5 de 2009	An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009	Alt 13
Uimh. 41 de 2009	An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009	Alt 7
Uimh. 38 de 2010	An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2010	Alt 10

SCEIDEAL 3 *Alt 18.*

FEIDHMEANNA DE CHUID AN AIRE AIRGEADAIS IS INCHOMHLÍONTA AR AN AIRE É A IARRAIDH

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Foráil (3)
Uimh. 38 de 1938	An tAcht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938	Ailt 12, 24 agus 32
Uimh. 16 de 1961	Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961	Alt 8
Uimh. 39 de 1961	Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	Alt 46(4)
Uimh. 23 de 1991	Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha)(Leasú), 1991	Alt 11
Uimh. 8 de 1993	Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	Ailt 14(3) agus 15(5)
Uimh. 25 de 1999	Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1999	Alt 3